Imdhíontaí do Linbh

Treoir do thuistí

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Clár ama imdhíonta do leanaí

Léiríonn an tábla thíos cén imdhíontaí a thugtar, ag cén aois, agus i cén áit. Tugtar na himdhíontaí go léir a bhfuil liostaithe saor in aisce.

Ag am breithe **1 instealladh**	Vacsaín BCG (eitinn) (tugtha san ospidéal máithreachais nó ag clinicí de chuid Feidhmeannachta na Seirbhíse Sláinte)	
2 mhí **2 instealladh** **Saor in aisce ó do dhochtúir ginearálta**	Diftéire Teiteanas Triuch Hib (haemophilus influenzae cineál B) Polaimiailíteas (polaimiailíteas díghníomhaithe) Heipitíteas B	6-in-1
	PCV (vacsaín chomhchuingeach niúmacocúil)	Vacsaín nua
4 mhí **2 instealladh** **Saor in aisce ó do dhochtúir ginearálta**	Diftéire Teiteanas Triuch Hib (haemophilus influenzae cineál B) Polaimiailíteas (polaimiailíteas díghníomhaithe) Heipitíteas B	6-in-1
	Meiningíteas Cineál C	
6 mhí **3 instealladh** **Saor in aisce ó do dhochtúir ginearálta**	Diftéire Teiteanas Triuch Hib (haemophilus influenzae cineál B) Polaimiailíteas (polaimiailíteas díghníomhaithe) Heipitíteas B	6-in-1
	Meiningíteas Cineál C	
	PCV (vacsaín chomhchuingeach niúmacocúil)	

12 mhí **2 instealladh** **Saor in aisce ó do dhochtúir ginearálta**	Bruitíneach Leicneach Bruitíneach Dhearg	MMR
	PCV (vacsaín chomhchuingeach niúmacocúil)	
13 mhí **2 instealladh** **Saor in aisce ó do dhochtúir ginearálta**	Meiningíteas Cineál C Teanndáileog Hib	
4 go 5 bliana **2 instealladh** **Saor in aisce ar scoil**	Diftéire Teiteanas Triuch Polaimiailíteas	4-in-1
Sna contaetha de Dhún na nGall, Liatroim, an Cabhán, Muineachán,an Lú, an Mhí agus i gceantair áirithe i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath, tá seans ann go dtabharfaidh do dhochtúir ginearálta an vacsaín seo.	Bruitíneach Leicneach Bruitíneach Dhearg	Teanndáileog MMR
11 go 14 bliana **1 injection** **Saor in aisce ar scoil**	Teiteanas, Diftéire (dáileog íseal)	Td

Inneachar

Réamheolas

Céard is cúis le ionfhabhtú?
Céard is galar tógálach ann?
Conas a chosnaíonn corp mo linbh é féin i gcoinne ionfhabhtú?
Conas a oibríonn vacsaíní?
Céard atá istigh i vacsaíní?
Cé mhéad ama a thógann vacsaíní chun tosnú ag obair?
An bhfuil vacsaíní sábháilte?
Cad faoi na scéalta scanraithe go léir?

Cé hiad na himdhíontaí a moltar in Éirinn?

An dtugtar an iomarca vacsaíní?
Cén fáth a thugtar vacsaíní ag aois chomh luath sin?
Cé chomh trom is atá na galair?
Cad a tharlóidh muna fhaigheann mo leanbh na vacsaíní seo?
Cé chomh mór is atá an seans go mbeidh mo leanbh nochta do na galair seo?
An oibríonn vacsaíní i gcónaí?
An oibreoidh imdhíontaí fós muna fhaigheann mo leanbh iad ag an am ceart?

Conas a fhaighim imdhíonadh do mo leanbh?

Do cheisteanna freagartha

Cad faoi má bhíonn teocht ard nó fiabhras ag mo leanbh?
Cad faoi más rud é go bhfuil titimeas ag mo leanbh nó más rud é go raibh trithí (taomanna) aige/aici ?
Cad faoi más rud é go raibh mo leanbh neamhaibí, go raibh meáchan breithe íseal aige/aici nó go raibh buíochán aige/aici?
Cad faoi má bhíonn asma, eachma, fiabhras léana ag mo leanbh nó má bhíonn ailléirge air/uirthi le huibheacha?
Ní raibh mo leanbh ar fónamh i ndiaidh a dháileoige dheiridh de vacsaín. Ar chóir dó/di an chéad dáileog eile a fháil fós?
Cad faoi más rud é go raibh frithghníomh ag duine eile sa chlann le vacsaín?

Cad faoi más rud é go raibh obráid ag mo leanbh le déanaí, nó go mbeidh sé/sí ag dul faoi obráid go luath?

Cad faoi más rud é go raibh triuch, bruitíneach, bruitíneach dhearg, leicneach, hib, niúmacocúil nó men cineál C ag mo leanbh cheana féin?

An féidir le mo leanbh imdhíonadh a fháil fad is atá sé/sí i dteagmháil chóngarach le duine ag iompar clainne?

Cad faoi más rud é go bhfuil galar trom ag mo leanbh?

An mbíonn vacsaíní eile chomh maith ag teastáil ó roinnt leanaí?

Cad ba chóir dom a dhéanamh má bhíonn fo-iarsmaí ag mo leanbh tar éis dó/di an vacsaín a fháil?

Cad faoi má bhíonn frithghníomh ailléirgeach ag mo leanbh le vacsaíní?

Cad faoi má bhíonn aon fho-iarsmaí ag mo leanbh le vacsaíní?

Comparáid idir éifeachtaí galar agus fo-iarsmaí vacsaíní do

Diftéire

Heipitíteas B

Hib (haemophilus influenzae cineál B)

Bruitíneach

Men C (galar meiningeacocúil cineál C)

Leicneach

Polaimiailíteas

Niúmacocúil

Rubella (Bruitíneach Dhearg)

Teiteanas

TB (Eitinn)

Triuch (“Pertussis”)

Réamheolas

Is slí shimplí, shábháilte agus éifeachtach í imdhíonadh chun do leanbh a chosaint i gcoinne galair áirithe. Tá na baoil a bhaineann leis na galair seo i bhfad níos mó ná an baol a bhaineann le haon mhionfho-iarsmaí ó imdhíonadh.

Céard is cúis le ionfhabhtú?

Cúisítear ionfhabhtaithe trí fhrídíní ag dul isteach sa chorp trí ghearrthacha nó trí iad a ionanálú nó a shlogadh. Is féidir leis na frídíní galair ar nós meiningíteas (ionfhabhtú den líneáil timpeall na hinchinne), niúmóine (ionfhabhtú scámhóige) nó seipticéime (nimhiú fola) a chruthú.

Céard is galar tógálach ann?

Is ionann galar tógálach agus ceann a scaipeann ó dhuine amháin (duine atá ionfhabhtaithe nó gur 'iompróir' é/í) go duine eile, go minic de bharr casachta agus sraothanna. Is ionann iompróirí agus daoine a bhfuil féin 'ag iompar' frídíní ina gcorp ach níl siad féin tinn. Mar shampla, tá 1 duine as 10 ag iompar frídíní meiningeacocúla sa srón ach ní éiríonn ach 1 as 10,000 tinn le meiningíteas nó seipticéime ó na frídíní sin.

Conas a chosnaíonn corp mo linbh é féin i gcoinne ionfhabhtú?

Nuair a ionsaíonn frídíní corp do linbh, déanann a c(h)óras imdhíonachta 'antasubstaintí'. Déanann antasubstaintí an dá rud seo a leanas.

- Is é an chéad jab atá acu ná chun ionsaí a dhéanamh ar na frídíní agus iad a mharú. Ach, toisc go dtógann an corp am chun go leor antasubstaintí a dhéanamh, tá seans ann go ndéanfaidh na frídíní dochar do chorp do linbh níos luaithe ná gur féidir leis na hantasubstaintí iad a scrios.
- Is é an dara jab atá acu ná chun fanacht i gcorp do linbh chun é/í a chosaint i gcoinne ionfhabhtaithe sa todhchaí. Má dhéanann na frídíní céanna iarracht do leanbh a ionfhabhtú arís, loitfidh na hantasubstaintí na frídíní roimh a bheidh seans acu do leanbh a dhéanamh tinn. Tugtar

‘imdhíonacht’ ar an slí deileála le frídíní seo. Is é an fáth nach bhfaigheann furmhór na ndaoine bruitíneach nó deilgneach ach uair amháin, fiú amháin má bhíonn siad nochta dóibh a lán uaire.

Is í an fhadhb le himdhíonacht nádúrtha ó frídíní a fháil ná go mbíonn ar do leanbh éirí tinn roimh imdhíonacht a fhorbairt. Fiú amháin, d’fhéadfadh frídíní áirithe do leanbh a dhéanamh an-tinn ar fad nó b’fhéidir do leanbh a mharú roimh go mbeadh a c(h)orp in ann dóthain antasubstaintí a dhéanamh chun na frídíní a scrios.

Conas a oibríonn vacsaíní?

Nuair a thugtar vacsaín do do leanbh, freagraíonn a c(h)orp trí antasubstaintí a dhéanamh, sa slí chéann is mar a raibh sé/sí tar éis an galar a tholgadh ach gan éirí tinn. Déanann a c(h)orp antasubstaintí ansin chun an vacsaín a scrios agus fanann iad seo i gcorp do linbh agus tugann siad cosaint dó/di i gcoinne an galar féin.

Céard atá istigh i vacsaíní?

Cuimsíonn vacsaíní comhábhair gníomhacha (an vacsaín féin) agus breiseáin cosúil le leasathaigh agus cobhsaitheoirí.

Comhábhair gníomhacha
Déantar vacsaíní as na frídíní céanna a chruthaíonn ionfhabhtaithe, ach maraítear nó déantar na frídíní i vacsaíní lag ionas nach dtabharfaidh siad breoiteacht do do leanbh agus go bhfuil sé sábhailte iad a úsáid.

Breiseáin
D’fhéadfadh vacsaíní a chuimsiú:

- roinnt bheag leasathaigh chun na vacsaíne a chosaint ó thruailliú;
- breiseáin eile chun cinntiú go bhfuil an comhábhar vacsaíne gníomhach measctha go cothram tríd an meascán insteallta; agus
- roinnt bheag salainn alúmanaim, a chabhraíonn leis an gcorp chun freagairt níos fearr leis an vacsaín.

Tá an leibhéal breiseán i vacsaíní an-íseal agus laistigh de na leibhéil molta go hidirnáisiúnta. Ní chruthaíonn na breiseáin seo aon fhadhbanna dáiríre i leanbáin agus páistí óga.

Cé mhéad ama a thógann vacsaíní chun tosnú ag obair?

De ghnáth tógann sé roinnt seachtainí do vacsaíní chun tosnú ag obair, mar sin ní bheidh cosaint ag do leanbh ar an toirt. Chomh maith leis sin, caithfear an chuid is mó de vacsaíní a thabhairt a lán uaire chun cosaint fadtéarmach a bhunú. Mar shampla, níl ach leath-chosaint ag leanbh a fhaigheann dáileog amháin nó dhó den vacsaín treacha i gcoinne an galar sin agus d'fhéadfadh sé/sí triuch a tholgadh fós.

An bhfuil vacsaíní sábháilte?

Tá na vacsaíní a úsáidtear in Éirinn sábháilte. Is féidir le gach sórt leighis fo-iarsmaí a bheith aige, ach i gcás vacsaíní bíonn siad seo bog de ghnáth, ar nós lámh nó cos tinn nó fiabhras éadrom. Is annamh ar fad a bhíonn fo-iarsmaí troma ag vacsaíní.

Léiríonn taighde as áiteanna ar fud an domhain gurb é imdhíonadh an slí is sábháilte chun sláinte do linbh a chosaint. Is féidir le do dhochtúir nó altra na baoil a phlé leat roimh a vacsaíní a thabhairt do do leanbh.

Tá na vacsaíní molta go léir a úsáidtear chun cosaint a thabhairt do pháistí in Éirinn ceadúnaithe ag Bord Leigheasra na hÉireann nó an Gníomhaíocht Meastóireachta Leigheasra Eorpach.Tugtar cead chun úsáid a bhaint astu amháin tar éis taispeáint go bhfuil siad éifeachtach agus sábháilte.

Cad faoi na scéalta scanraithe go léir?

Tá a fhios againn nach gcruthaíonn vacsaíní uathachas, diaibéiteas, scléaróis iolrach, ailléirgí, asma ná neamhord easnamh airde (ar a thugtar hipirghníomhaíocht go coitianta). Ach, nuair a tharlaíonn rudaí dár bpáistí timpeall na hama a fhaigheann siad imdhíonadh, is féidir linn toimhdiú go mícheart go bhfuil nasc idir an dá rud. Mar shampla, tugtar comharthaí an uathachais faoi deara timpeall na haoise a fhaigheann páistí an vacsaín MMR,

ach ní chúisíonn ceann amháin an ceann eile. Toisc go n-imdhíontar an chuid is mó de pháistí, tá seans mór ann go mbeidh imdhíonadh faighte ag na páistí le ríochtaí ar nós uathachas, asma nó neamhord easnamh airde chomh maith. Tá sé léirithe ag staidéir a rinneadh chun féachaint an bhfuil sé níos dóichí go mbeidh na ríochtaí seo ag páistí a imdhíonadh nach bhfuil aon nasc idir na ríochtaí agus na vacsaíní.

Rinneadh taighde fairsingíoch maidir leis an vacsaín MMR, a bhain leis na mílte páistí, sa RA, sna Stáit Aontaithe, sa tSualainn, agus san Fhionnlainn. Thaispeáin an taighde seo nach bhfuil aon nasc idir MMR agus uathachas. Thug staidéar a rinneadh le déanaí amharc ar gach páiste a rugadh sa Dhanmhairg ó 1991 go 1998. I rith na hama sin, fuair 82% de pháistí a rugadh sa Dhanmhairg an vacsaín MMR. D'fhéach na taighdeoirí ar na taifid de níos mó ná leath milliún leanaí agus d'aimsigh siad go raibh an baol uathachais mar an gcéanna i leanaí imdhíonta agus i leanaí nár imdhíonadh iad. Tá saineolaithe ó áiteanna ar fud an domhain, ar a n-áirítear ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ar chomhaigne nach bhfuil aon nasc idir MMR agus uathachas.

Tá saineolaithe ó áiteanna ar fud an domhain, ar a n-áirítear ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ar chomhaigne ina theannta sin nach bhfuil aon nasc idir an vacsaín MMR agus galar inne athlastaigh.

Le 30 bliana anuas, tugadh níos mó ná 500 milliún dáileog vacsaíne MMR i níos mó ná 90 tíortha.

Cé hiad na himdhíontaí a moltar in Éirinn?

Moltar an vacsaín BCG a thabhairt ag am na breithe nó chomh luath agus is féidir. Cuireann BCG cosaint ar fáil ar Eitinn (TB)

Moltar vacsaíní a thabhairt nuair a bhíonn do leanbh 2, 4, agus 6 mhí chun cosaint i gcoinne ocht ngalar éagsúla - diftéire, heipitíteas cineál B, hib (haemophilus influenzae cineál B), men C (galar meiningeacocúil cineál C), polaimiailíteas, galar niúmacocúil, teiteanas agus triuch ("pertussis"). Mínítear na galair seo ar an tábla ar leathnaigh 27 go 32. Ó Meán Fomhar i leith is féidir sé chinn de na vacsaíní a thabhairt in aon instealladh amháin agus tugtar an vacsaín niúmacocúil nó (PCV) nó mein C a thabhairt i ngéag eile ag an am céanna. Ag an gcuairt tar éis sé mhí, tugtar an 6-in-1, PCV agus mein C ag an am céanna.

Moltar an vacsaín MMR, a thugann cosaint i gcoinne an bhruitíneach, leicneach agus rubella a thabhairt ag 12 mhí. Moltar teanndáileog PCV a thabhairt ag 12 mhí chomh maith.

Moltar teanndáileoga Hib agus mein C a thabhairt ag 13 mhí.

Nuair a bhíonn páistí 4 nó 5 bliana d'aois,teastaíonn teanndáileoga de vacsaíní uathu chun fanacht slán ó diftéire, polaimiailíteas, teiteanas agus triuch. Moltar dara dáileog den vacsaín MMR a fháil freisin ag an am seo toisc nach bhfreagraíonn roinnt páistí don chéad dáileog.

Nuair a bhíonn páistí 11 go 14 bliana d'aois, moltar teanndáileog eile a fháil chun cosaint fhadtéarmach a sholáthar i gcoinne teiteanas agus diftéire.

An dtugtar an iomarca vacsaíní?

Bíonn roinnt tuistí buartha faoi a lán vacsaíní a thabhairt ag an am céanna ar eagla go ró-ualóidh sé seo córas imdhíonachta a linbh, nó nach n-oibreoidh na vacsaíní i gceart. Ach, níl aon gá bheith imníoch toisc go bhfuil córas imdhíonachta do linbh in ann deileáil le vacsaíní go héasca. Tá sé léirithe ag staidéir go bhfuil vacsaíní díreach chomh sábháilte agus díreach chomh héifeachtach nuair a thugtar iad le chéile agus nuair a thugtar iad ina n-aonair. Mar shampla, dá mba rud é go bhfuair do pháiste instealltaí singil in ionad an vacsaín MMR chomhcheangailte, bheidís nochta do na galair de bhruitíneach, leicneach nó bhruitíneach dhearg ar feadh tréimhse níos faide agus bheadh orthu sé instealladh a fháil in ionad dhá cheann.

Tá gá le méid áirithe instealltaí chun an chosaint is láidre gur féidir a thabhairt do do pháiste, mar sin tá sé tábhachtach an cúrsa a chríochnú.

Cén fáth a thugtar vacsaíní ag aois chomh luath sin?

Tugtar vacsaíní ag aois luath mar bíonn leanaí óga is mó i mbaol ó na galair seo agus tá sé riachtanach cosaint a thabhairt dóibh chomh luath agus is féidir. Mar shampla, bíonn an baol is mó ann do leanaí níos óige ná sé mhí maidir le haimhréidhe dáiríre le triuch (bíonn ar 6 as 10 dul isteach san ospidáal, agus tarlaíonn 9 as 10 básanna de bharr treacha sa aoisghrúpa seo). Ní mholtar an vacsaín MMR de ghnáth do leanaí faoi bhun 12 mhí mar tá seans ann nach n-oibreoidh sí chomh maith.

Roghnaítear na haoiseanna ag a mholtar na vacsaíní a thabhairt chun an cosaint is luaithe agus is fearr i gcoinne galair a thabahirt do do leanbh.

Cé chomh trom is atá na galair?

Is féidir le haon ceann acu leanbh a mharú. Tá sé éasca dearmad a dhéanamh ar chomh dainséarach is atá siad mar - de dheasca vacsaíní don chuid is mó - ní fheictear iad leath chomh minic is a d'fheictí.

Mharaíodh an bhruitíneach na mílte daoine in aghaidh na bliana san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. Sna 1940dí agus 1950dí, bhí na mílte páistí craplaithe nó fuair siad bás de bharr polaimiailíteas. Chomh déanach le lár na 1980dí, d'fhulaing 100 leanaí in Éirinn gach bliain le meiningíteas agus aimhréidhe dáiríre eile de bharr ionfhabhtaithe hib.

Níl aon athrú tagtha ar na galair. Is féidir leo niúmóine, tachtach, dochar inchinne agus fadhbanna croí a chruthú fós i leanaí nach bhfuil cosanta. Maraíonn na galair seo leanaí fós in a lán áiteanna ar fud an domhain, fiú amháin in Éirinn.

Cad a tharlóidh muna fhaigheann mo leanbh na vacsaíní seo?

Go bunúsach, is féidir le rud amháin as dhá rud a tharlú.

- breoiteacht éadrom a fháil agus a bheith air/uirthi fanacht istigh ar feadh cúpla lá; nó
- éirí an-tinn agus a bheith air/uirthi dul go dtí an ospidéal nó, sa chás ba mheasa, bás a fháil.

D'fhéadfadh do pháiste na galair sin a scaipeadh ar pháistí agus dhaoine fásta eile nach bhfuil cosanta. D'fhéadfadh a lán daoine éirí an-tinn agus d'fhéadfadh roinnt bás a fháil muna bhfuil go leor daoine i do cheantar cosanta.

Cé chomh mór is atá an seans go mbeidh mo leanbh nochta do na galair seo?

Is annamh ar fad a fheictear cuid de na galair seo in Éirinn inniu, mar sin tá seans beag nochta ann, ach tá cinn eile ann a bhfuil fós coitianta go leor. Feictear cuid de na galair go hannamh in Éirinn ach tá siad coitianta in áiteanna eile ar an domhan, dá dheasca sin d'fhéadfadh do pháiste na galair sin a fháil agus é/í ag taisteal thar lear.

Níor chóir duit glacadh leis go bhfuil do pháiste sábháilte ar fad ó ghalair, fiú amháin na cinn a fheictear go hannamh. Mar shampla, cé go bhfeictear diftéire go hannamh in Éirinn, tharla eipidéim le déanaí in Oirthear na hEorpa agus tá sí coitianta fós san Áis. Toisc go bhfuil méadú tagtha ar an méid taistil a dhéantar go dtí agus ó na tíortha seo, d'fhéadfadh na galair seo éirí níos coitianta. Muna mbíonn go leor daoine imdhíonta, tarlóidh eipidéimí gan amhras dá bharr.

Muna bhfuil do leanbh imdhíonta, tá níos mó baoil ann go bhfaighidh siad na hionfhabhtaithe seo nuair a bheidh sé/sí níos sine. Tá roinnt ionfhabhtaithe níos dainséirí i ndéagóirí nó i ndaoine fásta ná mar atá siad i leanaí. Mar shampla, d'fhéadfadh leicneach i mbuachaillí in aois an déagóra nó i bhfir óga at na magairlí a chruthú, agus má fhaigheann bean bruitíneach dhearg go luath le linn na tréimhse thoirchis, d'fhéadfadh sé seo máchail breithe móra a chruthú sa leanbh. Méadaítear na haimhréidhe troma ón bhruitíneach i ndaoine fásta chomh maith.

An oibríonn vacsaíní i gcónaí?

Oibríonn vacsaíní an chuid is mó den am, ach ní oibríonn siad i gcónaí. Tugann formhór de himdhíontaí na leanbhaoise cosaint do 90% go 99% de na leanaí a fhaigheann iad, ach uaireanta ní fhreagróidh leanbh do vacsaíní áirithe. Seo fáth eile go bhfuil sé tábhachtach go mbíonn leanaí go léir imdhíonta. Braitheann leanbh nár fhreagair do himdhíonadh ar imdhíonacht dhaoine eile timpeall air/uirthi chun cosaint a fháil. D'fhéadfadh do leanbh bheith ionfhabhtaithe ag leanbh nach bhfuair imdhíonadh, ach ní fhéadfadh sé/sí ag leanbh a bhfuil imdhíonach.

Éifeachtacht vacsaíní

Vacsaín	Céatadán na leanaí imdhíonach tar éis dóibh vacsaín a fháil
Vacsaín BCG	suas go 80%
Vacsaín diftéire	95%
Heipitíteas B	98%
Vacsaín Hib	95 suas go 100%

Vacsaín	Céatadán na leanaí imdhíonach tar éis dóibh vacsaín a fháil
Vacsaín MMR	95%
Vacsaín Mein C	90% (i ndiaidh trí dáileog)
Vacsaín niúmacocúil (PCV)	90%
Vacsaín Polaimiailítis (vacsaín polaimiailítis díghníomhaithe)	99% (i ndiaidh trí dáileog)
Vacsaín teiteanais	beagnach 100%
Vacsaín treacha	80 suas go 85%

An oibreoidh imdhíontaí fós muna fhaigheann mo leanbh iad ag an am ceart?

Ba cheart. Is féidir an chuid is mó de na vacsaíní seo a thabhairt ag aon aois, agus má chailleann leanbh instealladh amháin i rith chúrsa instealltaí, ní gá dó/di tosnú arís. Oibreoidh na vacsaíní a thugadh roimh ré fós agus beidh cosaint á forbairt ag do leanbh fós. Níl le déanamh ach ceist a chur ar do dhochtúir ginearálta.

Dá mba rud é nach raibh aon leanbh i scoil de 500 daltaí imdhíonta, agus gur tharla briseadh amach bruitíní, bheadh beagnach gach dalta thíos leis an mbruitíneach agus gheobhadh 20 dalta niúmóine. Tá seans de 50% go dtiocfadh einceifilíteas (athlasadh inchinne) ar leanbh amháin sa scoil de bharr bruitíní. Dá mba rud é gur imdhíonadh gach leanbh i gceart leis an vacsaín MMR, bheadh cás amháin einceifilítis ar an meán gach 2,000 bliana cruthaithe ag an imdhíonadh.

Conas a fhaighim imdhíonadh do mo leanbh?

In Éirinn, tá na himdhíontaí go léir molta don leanbhaois a bhfuil liostaithe sa chlár ama saor in aisce.

- **Nuair a rugtar leanbh,** tabharfaidh dochtúir de chuid Feidhmeannachta na Seirbhíse Sláinte (FSS) an vacsaín BCG ag an ospidéal máithreachais nó níos déanaí ag clinic de chuid na FSS.

- **Nuair a bheidh do leanbh 2, 4 agus 6 mhí d'aois,** gheobhaidh do leanbh an 6-in-1 (chun cosaint i gcoinne diftéire, hib, heipitíteas cineál B, polaimiailíteas, teiteanas agus triuch) agus PCV chun cosaint i gcoinne galar niúmacocúil nó Mein C chun cosaint i gcoinne meiningeacocúil cineál C (nó an dá cheann). Cuirfidh an FSS fios ort faoin gcéad dáileog. Ba chóir duit cuairt a thabhairt ar do dhochtúir ginearálta do na himdhíontaí. Muna chloiseann tú aon rud ón FSS, b'fhéidir toisc gur bhog tú go dtí teach nua, ba chóir duit cuairt ar dhochtúir ginearálta a eagrú ag an am oiriúnach.

- **Nuair a bhíonn do leanbh 12 mhí,** faigheann sé/sí vacsaíniú MMR (bruitíneach, leicneach agus rubella) agus teanndáileog PCV. Cuirfidh an FSS fios ort faoi seo agus iarrfaidh siad ort dul chuig do dhochtúir ginearálta.

- **Nuair a bhíonn do leanbh 13 mhí,** faigheann sé/sí teanndáileoga mein C agus hib. Cuirfidh an FSS fios ort faoi seo agus iarrfaidh siad ort dul chuig do dhochtúir ginearálta

- **Nuair a bhíonn do leanbh 4 go 5 bliana d'aois,** tabharfaidh dochtúir nó altra de chuid na FSS teanndáileog 4 in 1 (chun cosaint i gcoinne diftéire, triuch, teiteanas agus polaimiailíteas) do do leanbh agus dara dáileog den vacsaín MMR i mbunscoil do linbh. Cuirfidh an FSS fios ort faoi dhátaí na n-imdhíontaí. Má chailleann do leanbh an imdhíonadh sin ar scoil, d'fhéadfadh an FSS é a shocrú go n-imdhíonfar do leanbh ag clinic nó iarraidh ort chun cuairt a thabhairt ar do dhochtúir ginearálta.

- **Sna contaetha de Dhún na nGall, Sligeach, Liatroim, an Cabhán, Muineachán, an Lú, an Mhí agus ceantair áirithe i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath, nuair a bhíonn do leanbh 4 nó 5 bliana** cuirtear teanndáileog 4-in-1 agus dara dáileog den MMR ar fáil saor in aisce ó do dhochtúir ginearálta. Cuirfidh an FSS é seo in iúl duit nuair a bheidh do leanbh réidh do himdhíonadh.

- **Nuair a bheidh do leanbh sa 5ú nó sa 6ú rang den bhunscoil,** d'fhéadfadh dochtúir de chuid na FSS an vacsaín BCG agus dara dáileog de MMR a thabhairt do leanaí nach bhfuair na vacsaíní seo cheana féin. Cuirfidh an FSS dátaí na n-imdhíontaí in iúl duit. Má chailleann do leanbh an imdhíonadh sin ar scoil, d'fhéadfadh an FSS é a shocrú go n-imdhíonfar do leanbh ag clinic nó iarraidh ort chun cuairt a thabhairt ar do dhochtúir ginearálta. (Ach, ní thugann dochtúirí ginearálta an vacsaín BCG).

- **Nuair a bhíonn do leanbh 11 go 14 bliana d'aois,** moltar go dtabharfadh dochtúir nó altra FSS vacsaín teiteanais nó vacsaín éadrom diftéire dó/di ar scoil. Tá an FSS i lár ullmhúchán chun an cláir seo a thabhairt isteach.

Roimh do leanbh a bheith imdhíonta, déanfaidh an dochtúir nó an altra deimhin de leat go bhfuil do leanbh slán agus ábalta na vacsaíní a fháil. Má bhíonn aon bhuarthaí nó ceisteanna agat faoi imdhíontaí do linbh, cuir ceist ar an dochtúir nó ar an altra roimh do leanbh a bheith imdhíonta. Is féidir leat níos mó eolais a iarraidh ó d'Altra Sláinte Poiblí ag do chlinic FSS áitiúil.

Tá 12 ghalar ann gur féidir cosc a chur orthu trí imdhíonadh gnáthúil sa leanbhaois - eitinn, diftéire, haemophilus influenzae cineál B (hib), heipitíteas cineál B, polaimiailíteas, teiteanas, triuch, galar meiningeacocúil C (mein C), galar niúmacocúil, an bhruitíneach, leicneach agus rubella. Is féidir leis na galair seo go léir aimhréidhe troma agus uaireanta bás a chruthú. Tugtar na himdhíontaí seo go léir mar instealltaí. Cabhraíonn imdhíonadh le leanaí chun fanacht sláintiúil trí cosc a chur ar ionfhabhtú trom.

Do cheisteanna freagartha

Is beag fáth atá ann nach bhfaigheadh do leanbh vacsaín. Muna bhfuil tú cinnte faoi rud éigin labhair leis an dochtúir nó an altra roimh do leanbh a bheith imdhíonta.

Cad faoi má bhíonn teocht ard nó fiabhras ag mo leanbh?

Má bhíonn teocht ard ag do leanbh, ba chóir an imdhíonadh a chur siar go dtí go bhfuil do leanbh níos fearr. Mar sin féin, is féidir leanaí le casachtaí nó slaghdáin éadroma, nó iad ag tógáil antaibheathaigh, a imdhíonadh go sábháilte agus go héifeachtach.

Cad faoi más rud é go bhfuil titimeas ag mo leanbh nó go raibh trithí (taomanna) aige/aici?

Ba chóir na leanaí seo a imdhíonadh fós más rud é go bhfuil a ríocht seasmhach.

Faigheann roinnt leanaí taomanna (trithí fiabhrasacha) má bhíonn teocht ard nó fiabhras acu. Is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thabhairt do na leanaí seo. (Féach leathnach 22 do mhionsonraithe.)

Ba chóir leanaí le stair theaghlaigh le taomanna nó titimeas a imdhíonadh mar is gnách.

Cad faoi más rud é go raibh mo leanbh neamhaibí, go raibh meáchan breithe íseal aige/aici nó go raibh buíochán aige/aici?

Tá sé tábhachtach leanaí neamhaibí a chosaint mar tá siad níos mó i mbaol ó ionfhabhtaithe áirithe. Go ginearálta, ba chóir leanaí neamhaibí a imdhíonadh mar is gnách. Más rud é go raibh meáchan breithe an-íseal ag do leanbh, ba chóir duit a riachtanais imdhíonta a phlé le do leanbhlia. Ba chóir leanaí a raibh buíochán acu nó iad a bhfuil ag fáil beathaithe cíche a imdhíonadh mar is gnách.

Cad faoi má bhíonn asma, eachma, fiabhras léana ag mo leanbh nó má bhíonn ailléirge air/uirthi le huibheacha?

Ba chóir leanaí le asma, eachma, fiabhras léana agus ailléirgí a imdhíonadh, fiú amháin má bhíonn ailléirge thromchúiseach acu le huibheacha (mar shampla, aodh thochais (tuairteanna tochais dearga) at an bhéil nó an scórnaigh, deacrachtaí análaithe, cársán, brú fola íseal agus croitheadh). Is í an t-aon eisceacht amháin ná an vacsaín fliú, nár chóir a thabhairt do dhaoine le ailléirge thromchúiseach le huibheacha.

Is féidir an vacsaín MMR a thabhairt do leanaí le ailléirge thromchúiseach le huibheacha, toisc go bhfuil ailléirge thromchúiseach leis an vacsaín MMR an annamh go deo fiú amháin sna leanaí seo. Muna thaitníonn uibheacha le do leanbh nó má bhíonn buinneach nó tinneas boilg aige/aici tar éis dó/di uibheacha a ithe amháin, ní haon fáth é seo an imdhíonadh MMR a sheachaint, agus níl aon gá duit aon réamhchúraimí speisialta a thógaint. Má bhíonn aon amhrais ort, labhair leis an dochtúir nó an altra ag tabhairt an imdhíonta.

Ba chóir leanaí ag tógáil stéaróideach trí análóir nó in uachtar stéaróideach i ndáileog íseal a imdhíonadh mar is gnách. Má bhíonn aon amhrais ort, labhair leis an dochtúir nó an altra ag tabhairt an imdhíonta.

Ní raibh mo leanbh ar fónamh i ndiaidh a dháileoige dheiridh de vacsaín. Ar chóir dó/di an chéad dáileog eile a fháil fós?

Is féidir le roinnt páistí a bheith breoite i ndiaidh a n-imdhíonta. De ghnáth níl aon fáth gan an cúrsa de vacsaín a chríochnú. Mar sin féin, más rud é go raibh frithghníomh ailléirgeach tromchúiseach ag do leanbh (‘sé sin le rá, croitheadh nó deacracht análaithe), níor chóir dó/di an vacsaín sin a fháil arís go dtí go bhfuil a fhios agat cén fáth a tharla sé seo. Sa staid seo, labhair leis an dochtúir faoin fhrithghníomh.

Cad faoi más rud é go raibh frithghníomh ag duine eile sa chlann leis an imdhíonadh?

Níor chóir imdhíontaí a chailliúint más rud é go raibh aon fhrithghníomh le vacsaín ag ball teaghlaigh, toisc nach ritheann an sórt frithghnímh seo i gclanna.

Cad faoi más rud é go raibh obráid ag mo leanbh le déanaí, nó go mbeidh sé/sí ag dul faoi obráid go luath?

Ná cuir an imdhíonadh siar más rud é go mbeidh do leanbh ag dul faoi obráid gan mhoill nó go raibh ceann aige/aici le déanaí. Níl aon gá imdhíonadh a chur siar toisc go mbeifear ag dul faoi obráid, agus níl aon gá obráid a chur siar de bharr imdhíonta le déanaí.

Cad faoi más rud é go raibh triuch, bruitíneach, bruitíneach dhearg, leicneach, hib, niúmacocúil nó men cineál C ag mo leanbh cheana féin?

Ba chóir duit fós do leanbh a imdhíonadh i gcoinne na galair seo, fiú amháin más rud é go raibh siad aige/aici cheana féin. Tá sé tábhachtach bheith cosanta i gcoinne na galair go léir a chuimsíonn an vacsaín, fiú amháin más rud é go bhfuair an leanbh ceann amháin de na galair roimhe seo.. Tá sé seo an-thábhachtach toisc nach bhfaigheann leanaí faoi bhun 2 bhliain dóthain imdhíonachta i ndiaidh galair le hib, galar niúmacocúil nó mein C, agus dá bharr sin ba chóir dóibh fós bheith imdhíonta.

An féidir le mo leanbh imdhíonadh a fháil fad is atá sé/sí i dteagmháil chóngarach le duine ag iompar clainne?

Níl aon fhadhb le himdhíontaí gnáthúla a thabhairt do pháiste i dteagmháil chóngarach le duine ag iompar clainne. Fiú amháin, tríd an leanbh a imdhíonadh, beidh cosaint á fáil ag an máthair ó bheith nochta do galair ar nós an bhruitíneach dhearg.

Cad faoi más rud é go bhfuil galar trom ag mo leanbh?

Tá sé an-thábhachtach go dtugtar imdhíonadh do leanaí le galair troma mar bíonn siadsan go minic níos mó i mbaol ó aimhréidhe d'ionfhabhtaithe.

Ach, caithfear bheith cúramach más féidir le galar an linbh, nó a chóir leighis, a imdhíonacht a laghdú. Ba chóir smaoineamh domhain a dhéanamh ar imdhíonacht do pháistí le ailse nó neamhórd easpa imdhíonachta, nó a bhfuil ag tógáil leigheasanna a bheadh in ann a gcumas chun troid i gcoinne ionfhabhtaithe a laghdú. Pléigh é seo le do dhochtúir.

Níor chóir do pháistí a fuair fuilaistriú nó a fuair táirgí fola a vacsaín MMR a fháil go dtí trí mhí tar éis an fuilaistrithe. Ba chóir páistí le ríochtaí néaracha seasmhacha ar nós pairilis cheirbreach nó siondróm Down a imdhíonadh mar is gnách.

Ar cheart vacsaíní eile chomh maith a thabhairt do roinnt leanaí?

Ba cheart. Bíonn paistí ar tógadh a liatháin uathu nó a bhfuil fiobróis chisteach, easpa imdhíonachta, galar croí, scámhóige, ae nó duáin ainsealach, galar corránceallach nó galair ar nós diaibéiteas níos mó i mbaol ó ionfhabhtaithe áirithe. Má tá aon galar fadtéarmach ag do leanbh, cuir ceist ar do dhochtúir an bhfuil gá leis go mbeidís imdhíonta i gcoinne galair ar nó fliú nó heipitíteas cineál A.

Má bhíonn tú ag taisteal go dtí tír eile, cuimhnigh air chun a fháil amach an bhfuil aon vacsaín speisialta ag teastáil ó do leanbh.

Má tá imní ort nach bhfuil do leanbh oiriúnach lena bheith imdhíonta, labhair le do dhochtúir nó altra roimh an imdhíonadh a chur siar.

Tá níos mó saolta sábháilte de bharr imdhíonachta i gcoinne galair ionfhabhtaíocha ná de bharr aon idirghabhála sláinte poiblí eile seachas uisce glan a sholáthar.



Cad ba chóir dom a dhéanamh má bhíonn aon fho-iarsmaí ag mo leanbh tar éis dó/di an vacsaín a fháil?

Frithghníomhartha coitianta	Cad ba chóir a dhéanamh
Tinneas, at agus deargadh in áit an insteallta	■ Tabhair paraicéiteamól nó iobúpróifein chun tinnis agus pianta a fhuascailt. ■ Déan deimhin de nach bhfuil éadaí ró-chúng nó ag cuimilt i gcoinne áit an insteallta.
Fiabhras	■ Ná cuir an iomad éadaí ar leanban. ■ Bí cinnte de nach bhfuil a s(h)eomra ró-the. ■ Tabhair sreabháin breise le n-ól. ■ Tabhair paraicéiteamól nó iobúpróifein chun an fiabhrais a ísliú.
Tinneas cinn nó greannaitheacht	■ Tabhair paraicéiteamól nó iobúpróifein chun tinnis agus pianta a fhuascailt.

Cuimhnigh air, má bhíonn do leanbh an-bhreoite tar éis vacsaín a fháil, d'fhéadfadh sé/sí bheith tinn de bharr rud éigin eile, labhair le do dhochtúir ginearálta faoi seo.

Ní bhíonn sé riachtanach do leanaí aon leigheas a thógáil de ghnáth nuair a thugtar vacsaín dóibh. Ach, má fhaigheann do leanbh fiabhras nó má bhíonn sé/sí tinn in áit an insteallta, is féidir leat **paraicéiteamól** nó **iobúpróifein** a thabhairt dó/di. (Féach ar leathnach 26 do chomhairle faoin ndáileog.)

Má bhíonn taomanna ag do leanbh nuair a bhíonn teocht ard aige/aici, tabhair dó/di paraicéiteamól nó iobúpróifein roimh an imdhíonadh agus ar feadh 48 uair ina dhiaidh chun an baoil de fiabhras a fháil a ísliú. Cuimhnigh air, tar éis na vacsaíne MMR a fháil d'fhéadfadh fiabhras tarlú 6 go 12 lá níos déanaí, mar sin tabhair paraicéiteamól nó iobúpróifein ansin.

Tá an dáileog de paraicéiteamól nó iobúpróifein a mholtar do do leanbh scríte ar an mbuidéal de réir aoise an linbh.

Le do thoil cuir ceist ar do phoitigéir do mheascán paraicéiteamóil nó iobúpróifeine gan siúcra atá oiriúnach d'aois do linbh.

Is féidir leis an úsáid de pharaicéiteamól nó iobúpróifein thar tréimhse fada gan comhairle ó dhochtúir dochar a dhéanamh.

Cad faoi má bhíonn frithghníomh ailléirgeach ag mo leanbh le vacsaíní?

Is annamh ar fad a bhíonn fo-iarsmaí troma ag vacsaíní. Is féidir le timpeall duine amháin as leath milliún frithghníomh ailléirgeach dáiríre a bheith aige/aici. Ar na comharthaí de fhrithghníomh ailléirgeach dáiríre áirítear deacracht análaithe, piachán, cársán, aodh thochais, meathbhánacht, laige, buille an chroí tapaidh, meadhrán, agus at an scórnaigh. Má chuirtear cóireáil in aghaidh an fhrithghnímh go tapaidh, tiocfaidh an leanbh slán ar fad as. Tá dochtúirí agus altraí a thugann imdhíontaí oilte chun deileáil le frithghníomhartha ailléirgeacha.

Cad faoi má bhíonn aon fho-iarsmaí ag mo leanbh le vacsaíní?

Ní bhíonn sa chuid is mó de fho-iarsmaí ó vacsaíní ach frithireacht agus at nó pian in áit an insteallta nó fiabhras. De ghnáth athshlánaítear páistí ó na fo-iarsmaí beaga seo laistigh de lá nó dhó. Tarlaíonn formhór na bhfo-iarsmaí seo ar an gcéad nó an dara lá tar éis imdhíonachta. Ach, tar eis na vacsaíne MMR, d'fhéadfadh roinnt leanaí fiabhras nó gríos a fháil sé go 12 lá níos déanaí. Níl sé seo tógálach.

Déanann Bord Leigheasra na hÉireann monatóireacht ar na fo-iarsmaí go léir ó vacsaíní a thuairiscítear. Tarlaíonn sé seo i dtíortha eile chomh maith ionas gur féidir fo-iarsmaí nua agus annamh a aimsiú go tapaidh agus gur féidir aon ghníomhú riachtanach a chur i gcrích.

Má bhíonn aon fho-iarsmaí ag do leanbh tar éis imdhíonta, cuir é seo in iúl do do dhochtúir ginearálta ionas gur féidir leis nó léi é a thuairisciú do Bhord Leigheasra na hÉireann.

Comparáid idir éifeachtaí galar agus fo-iarsmaí vacsaíní

Leagann an tábla ar na leathanaigh ina dhiaidh seo amach:

- an galar go moltar imdhíonadh dó;
- na fo-iarsmaí féideartha den ghalar; agus
- na fo-iarsmaí féideartha den vacsaín3

Galar	Éifeachtaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
Diftéire – baictéir tógálacha a scaiptear trí theagmháil chóngarach le duine ionfhabhtaithe nó iompróir agus a chruthaíonn scórnach tinn agus deacrachtaí análaithe thromchúiseacha.	As na daoine a fhaigheann diftéire: ■ Gheobhaidh 1 as 15 bás. ■ Scaoileann na baictéir tocsain (nimh) gur féidir pairilis nó teip croí a chruthú.	As na daoine a bhfuil imdhíonta: ■ Bíonn deargadh agus at ag 1 as 10 in áit an insteallta nó bíonn fiabhras acu. Tá fo-iarsmaí dáiríre an-annamh ar fad
Hib *(haemophilus influenzae cineál B)* – baictéir tógálacha a scaiptear trí theagmháil chóngarach le duine ionfhabhtaithe agus a chúisíonn meiningíteas (athlasadh na líneála timpeall na hinchinne),eipeagloitíteas (at sa scórnach a chúisíonn tachtach), seipticéime (nimhiú fola) agus “osteomyeltitis” (ionfhabhtú cnámha).	As na daoine a fhaigheann galar hib: ■ Gheobhaidh 1 duine as 20 le meiningíteas hib bás; ■ Maidir le 1 duine as 4 a bheidh athshlánaithe ó hib ■ meiningíteas beidh dochar inchinne buan aige/aici nó beidh sé/sí bodhar; agus ■ gheobhaidh 1 duine as 100 le eipeagloitíteas (at sa scórnach a chúisíonn tachtach) bás.	As na daoine a bhfuil imdhíonta: ■ bíonn míchompord, deargadh nó at san áit a tugadh an instealladh ag 1 duine as 5; agus ■ beidh fiabhras ag 1 as 50.

Galar	Éifeachtaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
Heipitíteas cineál B – galar víreasach a scaiptear trí teagmháil le fuil nó sreabhadh choirp eile de dhuine ionfhabhtaithe agus a chúisíonn galar ae.	Tá baol níos mó ann go mbeidh an t-ionfhabhtú ag páistí ar feadh an saoil. As iad a bhíonn an t-ionfhabhtú acu ar feadh an saoil; ■ gheobhaidh 1 as 4 bás mar thoradh ar choilm ar an ae (cioróis) nó ailse ae.	As na daoine a bhfuil imdhíonta: ■ Beidh míchompord, deargadh nó at ag 1 as 10 in áit an insteallta nó beidh fiabhras acu. Tá fo-iarsmaí dáiríre an-annamh ar fad
An Bhruitíneach – víreas an-thógálach a scaiptear trí theagmháil chóngarach le duine ionfhabhtaithe agus a chruthaíonn fiabhras,casacht agus gríos.	As na daoine a fhaigheann an bhruitíneach: ■ gheobhaidh 1 nó 2 as 1000 bás; ■ gheobhaidh 1 as 20 ionfhabhtú cluaise; ■ gheobhaidh 1 as 25 niúmóine nó Broincíteas; ■ beidh trithí (taomanna) ag 1 as 200; agus ■ gheobhaidh 1 as 6 buinneach ■ beidh einceifilíteas forbartha ag 1 as 1000 (athlasadh na hinchinn). Do gach 10 leanbh a bheidh einceifilíteas forbartha aige/aici: ● gheobhaidh 1 bas; agus ● beidh dochar inchinne ag suas le 4. ■ faigheann 1 as 8000 leanbh faoi bhun a dó “SSPE” (meathlúchán inchinne), a d’fhéadfadh tarlú a lán blianta i ndiaidh na bruitíní agus a bhíonn marfach i gcónaí. ■ gheobhaidh 1 as 6000 fadhb fuiltéachta	As na daoine a bhfuil imdhíonta: ■ maidir le 1 as 10 beidh míchompord, deargadh nó at san áit ar tugadh an instealladh, nó beidh fiabhras aige/aici; ■ gheobhaidh 1 as 20 gríos sé go 12 lá níos déanaí (níl sé seo tógálach); ■ beidh tritheamh (taom) ag 1 as 1000; ■ d’fhéadfadh 1 milliún einceifilíteas (athlasadh na hinchinne) a fhorbairt; agus ■ gheobhaidh 1 as 22,000 fadhb shealadach fuiltéachta.

Galar	Éifeachtaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
Men C *(galar meiningeacocúil cineál C)* – baictéir tógalacha a scaiptear trí seile nó theagmháil chóngarach le duine ionfhabhtaithe nó iompróir agus a chruthaíonn meiningíteas nó seipticéime, nó an dá cheann. (Ní thugann an vacsaín men C cosaint i gcoinne cineálacha eile meiningítis ar a n-áirítear an ceann a tharlaíonn de bharr galair meiningeacocúla C.)	As na daoine a fhaigheann galar men C: ■ Gheobhaidh 1 as 15 bás. ■ maidir le 1 as 10 a thiocfaidh slán as galar meiningeacocúil, beidh míchumas tromchúiseach aige/aici ar nós bodhaire, dochar inchinne nó cailliúint méara, barraicíní, lámha, bun na gcos, bacán na láimhe nó cos.	As na leanbháin a bhfuil imdhíonta: ■ beidh deargadh nó at san áit a tugadh an instealladh ag 1 as 20; ■ gheobhaidh 1 as 20 fiabhras; ■ éireoidh 1 as 2 greannaitheach; agus ■ d'fhéadfadh 1 as 100 suaitheadh boilg a fháil nó bheith ag urlacan.
Leicneach –víreas tógálach a scaiptear trí theagmháil chóngarach le duine ionfhabhtaithe agus a chruthaíonn faireoga muiníl ata agus fiabhras.	As na daoine a fhaigheann leicneach: ■ gheobhaidh 1 as 20 meiningíteas víreasach; ■ gheobhaidh 1 as 1000 einceifilíteas (athlasadh inchinne); ■ gheobhaidh 4 fear as 10 le leicneach magairlí ata; ■ gheobhaidh 1 as 3 fiabhras, tinneas cinn, agus faireoga sheileacha ata faoin ngiall; agus ■ d'fhéadfadh 1 as 20,000 bheith bodhar. Is féidir le leicneach neamhthortúlacht a chruthú chomh maith go hannamh i bhfir.	As na daoine a bhfuil imdhíonta: ■ d'fhéadfadh 1 as 100 at sna faireoga sheileacha faoin ngiall a fhorbairt; agus ■ d'fhéadfadh 1 as 3 milliún einceifilíteas éadrom (athlasadh na hinchinne) a fhorbairt.

Galar	Éifeachtaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
Galar niúmacocúil – galar baictéarach a scaiptear trí theagmháil chóngarach le duine ionfhabhtaithe nó iompróir agus a chruthaíonn niúmóine, meiningíteas agus seipticeime.	Astu siúd a bhíonn ionfhabhtaithe: ■ gheobhaidh 1 as 3 niúmóine; ■ gheobhaidh 1 as 3 meiningíteas; agus ■ gheobhaidh 1 as 10 bás.	As na daoine a bhfuil imdhíonta: ■ Beidh míchompord nó at ag 1 as 10 in áit an insteallta nó beidh fiabhras aige/aici. Tá fo-iarsmaí dáiríre an-annamh ar fad.
Polaimiailíteas – víreas tógálach a scaiptear trí theagmháil chóngarach le duine ionfhabhtaithe nó a f(h)aecas (caca). Cúisíonn sé fiabhras, tinneas cinn agus urlacan agus d'fhéadfadh sé dul ar aghaidh chun pairilis a chruthú.	As na daoine a fhaigheann polaimiailíteas: ■ Éireoidh suas le 1 as 100 pairiliseach; ■ gheobhaidh 1 as 20 othar a éireoidh pairiliseach bás; agus ■ beidh 1 as 2 díobh siúd a thiocfaidh slán pairiliseach go seasta.	■ Níor thaifeadadh aon fho-iarsmaí do vacsaín polaimiailítis díghníomhaithe, a úsáideadh le níos mó ná 40 bliana anuas. ■ B'fhéidir go mbeidh beagáinín deargaidh nó tinnis san áit ar thugadh an instealladh.

Galar	Éifeachtaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
Bruitíneach dhearg – víreas tógálach a scaiptear trí theagmháil chóngarach le duine ionfhabhtaithe agus a chruthaíonn gríos, fiabhras agus faireoga ata. D'fhéadfadh sé máchail breithe thromchúiseacha a chruthú sa leanbán má fhaigheann an mháthair bruitíneach dhearg go luath le linn an toirchis.	As na daoine a fhaigheann bruitíneach dhearg: ■ beidh máchail breithe thromchúiseach ag 9 as 10 leanbhán (ar nós bodhaire, daille, dochar inchinne nó máchail croí) má fuair an mháthair bruitíneach dhearg go luath le linn an toirchis; ■ faigheann 1 as 3000 "thrombocytopenia" (brú nó fuiliú craicinn); ■ faigheann 1 as 6000 einceifilíteas (athlasadh inchinne); ■ gheobhaidh timpeall 1 as 2 gríos agus faireoga ata pianmhara; agus ■ faigheann níos mó ná leath de mhná le bruitíneach dhearg pianta sna hailt.	As na daoine a bhfuil imdhíonta: ■ Bíonn míchompord, deargadh nó at ag 1 as 10 in áit an insteallta nó beidh fiabhras aige/aici. ■ faigheann 1 as 20 faireoga ata, muineál righin, nó pianta sna hailt; ■ faigheann 1 as 20 gríos (nach bhfuil ionfhabhtaíoch); ■ faigheann 1 as 22,000 brú craicinn nó fuiliú; agus ■ d'fhéadfadh 1 as 1 milliún einceifilíteas (athlasadh na hinchinne) a fháil.
Teiteanas – baictéir ó ithir a scaoileann tacsain agus a chúisíonn freangaí matáin phianmhara, trithí agus glas géill.	As na daoine a fhaigheann teiteanas: ■ gheobhaidh 1 as 10 bás. Tá an baol is mó ann do na daoine an-óg nó an-shean	As na daoine a bhfuil imdhíonta: ■ Bíonn deargadh agus at ag 1 as 10 in áit an insteallta nó bíonn fiabhras acu. Tá fo-iarsmaí dáiríre an-annamh ar fad

Galar	Éifeachtaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
"TB" *(eitinn)* – baictéir tógálacha a ionfhabhtaíonn na scámhóga agus a scaiptear trí theagmháil chóngarach le duine ionfhabhtaithe. Cúisíonn sí casachtach, cur allais, cailliúint meáchain agus tuirse. Is féidir leis an eitinn an inchinn nó coda eile an choirp a ionfhabhtú, ach níl an cineál eitinne seo tógálach.	Beidh cóireáil leighis a leanfaidh ar aghaidh ar feadh a lán míonna riachtanach do dhaoine a fhaigheann an eitinn chun í a leigheas. San am atá thart, fuair a lán daoine in Éirinn bás de bharr eitinne.	As na daoine a bhfuil imdhíonta: ■ gheobhaidh a bhformhór balscóid agus coilm ar an mbacán láimhe san áit ar tugadh an instealladh BCG; ■ d'fhéadfadh 1 as 100 faireoga ata beaga a fháil faoin mbacán láimhe; agus ■ d'fhéadfadh suas le 1 as 1000 ionfhabhtú a fhreagraíonn do chóir leighis, a fháil.
Triuch *("Pertussis")* – baictéir tógálacha a scaiptear trí theagmháil chóngarach le duine ionfhabhtaithe agus a chúisíonn casacht "treacha" agus urlacan. Is féidir leis an galar leanúint ar aghaidh ar feadh suas go trí mhí.	As na daoine a fhaigheann triuch: ■ gheobhaidh 1 as 500 bás de bharr niúmóine nó dochair inchinne (tarlaíonn 90% de na básanna i leanaí faoi bhun 6 mhí); ■ beidh taomanna ag 1 as 125 (1 as 70 má bhíonn siad níos óige ná 6 mhí d'aois); ■ gheobhaidh 1 as 1000 einceifilíteas (1 as 500 má bhíonn siad níos óige ná 6 mhí d'aois); ■ gheobhaidh 1 as 20 niúmóine (1 as 10 má bhíonn siad níos óige ná 6 mhí d'aois); agus ■ beidh sé riachtanach do 1 as 5 dul isteach san ospidéal.	As na daoine a bhfuil imdhíonta: ■ Bíonn deargadh agus at ag 1 as 10 in áit an insteallta nó bíonn fiabhras acu. ■ d'fhéadfadh timpeall 1 as 2500 bheith ag caoineadh ar feadh níos mó ná trí uair a chloig i ndiaidh an imdhíonta; agus ■ d'fhéadfadh tritheamh (taom) a bheith ag 1 as 12,500; Tá fo-iarsmaí dáiríre an-annamh ar fad

Chun a thuilleadh eolais a fháil

Is é an t-eolas tugtha sa leabhrán seo an t-eolas is suas le dáta a bhfuil ar fáil faoi láthair. Tagann sé as na foinsí seo a leanas.

Treoirlíne Imdhíonta d'Éire, Eagrán 2008.
(Ar fáil ó www.ndsc.ie/hpsc/A-Z/vaccinepreventable/Vaccination/Publications/ImmunisationGuidelines/)

Paicéad Díospóireachta MMR – Éire, 2002.
(Ar fáil ó www.immunisation.ie/ie/Foilseachain/PDFFile_10446_ie.pdf)

Eipidéimeolaíocht agus Cosc Vacsaíne – Galair ab fhéidir a chosc. An Leabhar Bándearg 10ú Eagrán. Eanair 2008
(Ar fáil ó www.cdc.gov/vaccines/pubs/pinkbook/default.htm)

Treoir do Thuistí ar Imdhíonadh Leanbhaoise - Acadamh Péidiatraice Mheirceá, 2002
(Ar fáil ó www.cdc.gov/vaccines/pubs/parents-guide/default.htm)

Ag Tuiscint Imdhíonta Leanbhaoise. Clár Imdhíonta na hAstráile. Iúil 2000
(Ar fáil ó www.health.gov.au/internet/immunise/publishing.nsf/content/uci)

Is féidir leat níos mó eolais faoi imdhíontaí a fháil ó:

Oifig Náisiúnta FSS um Imdhíonú
Aonad 8/9 Lárionad Gnó Sráid Mainéir
Sráid Mainéir
Baile Átha Cliath 7
Fón: 01 867 6108
Suíomh Gréasáin: www.immunisation.ie

Ionad Faireachais ar Chosaint Sláinte
25-27 Sráid Gardiner Lár
Baile Átha Cliath 1.
Fón: 01 876 5300
Suíomh Gréasáin: www.hpsc.ie

Published by: HSE National Immunisation Office
Publication date: April 2008
Order code: HNI00509

hpsc

PROTECT HEALTH
IMMUNISE